2026/1834

24.7.2026

MOLADH (AE) 2026/1834 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

maidir le clásail eiseamláireacha roghnacha arna bhforbairt de bhun Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 28(3) de Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] go n-eiseoidh an Coimisiún moltaí ina mbeidh clásail eiseamláireacha roghnacha a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar chun críocha Airteagal 28(1) agus (2) de.

(2) Le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí a léiriú agus a thuairisciú, ón 1 Eanáir 2027, nach gcumhdaítear lena gconarthaí soláthair ach amhola, gás nádúrtha nó gual a tháirgtear faoi bhearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach sa Rialachán sin.

(3) De bhun Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2024/1787, tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan an 4 Lúnasa 2024 nó ina dhiaidh sin. A mhéid a bhaineann le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an dáta sin, luaitear in Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 go bhfuil sé d'oibleagáid ar allmhaireoirí gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun coibhéis den sórt sin a éileamh ar leibhéal an táirgeora ina gconarthaí.

(4) Féadfaidh allmhaireoirí a chuireann amhola, gás nádúrtha agus gual ar mhargadh an Aontais agus atá i mbun conarthaí atá ann cheana a mhodhnú nó a athnuachan nó conarthaí nua maidir le soláthar amhola, gáis nádúrtha agus guail a shíniú na clásail eiseamláireacha roghnacha sin a úsáid.

(5) Tá sé beartaithe leis na clásail eiseamláireacha roghnacha cleachtais chonarthacha chothroma, thrédhearcacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn, creat a sholáthar chun téarmaí conarthacha a choigeartú, tacú le comhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1787 agus soláthar iontaofa amhola, gáis nádúrtha, GNL nó guail don Aontas a chothú.

(6) I dteannta na n-oibleagáidí maidir le coibhéis beart, ceanglaítear le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ar allmhaireoirí sonraí agus faisnéis maidir le hastaíochtaí meatáin ó thíortha agus ó chuideachtaí a onnmhairíonn chuig an Aontas a thuairisciú, ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh an bhfuil a n-astaíochtaí meatáin á dtomhas, á dtuairisciú agus á laghdú acu agus, má tá, conas atá siad á dtomhas, á dtuairisciú agus á laghdú acu.

(7) Thairis sin, leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí tuairisciú, faoin 5 Lúnasa 2028 agus gach bliain ina dhiaidh sin, ar dhéine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais, de réir modheolaíocht atá le leagan amach ag an gCoimisiún. Tá feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin nó ina dhiaidh sin. A mhéid a bhaineann le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an dáta sin, tá sé d'oibleagáid ar allmhaireoirí gach iarracht réasúnta a dhéanamh déine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais a thuairisciú.

[1] Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942 (IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj).

(8) Le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2024/1787 ceanglaítear ar allmhaireoirí a léiriú go bhfuil déine meatáin tháirgeadh na hamhola, an gháis nádúrtha agus an ghuail a chuireann siad ar mhargadh an Aontais faoi bhun na n-uasluachanna atá le socrú ag an gCoimisiún. De réir Airteagal 29(6) de Rialachán (AE) 2024/1787, tá na luachanna déine meatáin le socrú ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Sula socrófar luachanna déine, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag uasleibhéil déine meatáin éagsúla ar shlándáil an tsoláthair agus ar chur chun cinn laghduithe astaíochtaí meatáin araon, agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndáil leis sin. Ceanglaítear ar an gCoimisiún na luachanna sin a shocrú ar leibhéil a chuireann laghduithe ar na hastaíochtaí meatáin domhanda chun cinn i ndáil leis an amhola, leis an ngás nádúrtha agus leis an ngual a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus slándáil an tsoláthair fuinnimh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta á caomhnú ag an am céanna, lena n-áiritheofar dáileadh cothrom na méideanna amhola, gáis nádúrtha agus guail a chuirtear ar mhargadh an Aontais chomh maith le cóireáil neamh-idirdhealaitheach, agus lena gcosnaítear iomaíochas gheilleagar an Aontais.

(9) Chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2), agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú, ní mór d'allmhaireoir fianaise a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit arna n-ainmniú de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1787 ina bhfuil sé bunaithe. Ní shonraítear i Rialachán (AE) 2024/1787 aon mhodh nithiúil ná aon cheanglas nithiúil maidir le fianaise ar chomhlíonadh. Go háirithe, ní cheanglaítear le Rialachán (AE) 2024/1787 rianú fisiceach a dhéanamh ar mhóilíní, ar sheachadtaí ná ar lastaí.

(10) I gcás ina bhfuil caidreamh díreach ag allmhaireoir le táirgeoir nó inar féidir leis an táirgeoir a shainaithint trí chaidrimh chonarthacha le hidirghabhálaithe, is féidir leis an táirgeoir fianaise ar chomhlíonadh chomh maith le haon fhaisnéis eile a bhaineann, mar shampla, le tomhas, tuairisciú agus fíorú meatáin a tharchur ón slabhra soláthair, mar chuid de na conarthaí agus/nó de sholáthar an fhuinnimh fhisicigh nó in éineacht leo, chuig an allmhaireoir, agus, ar deireadh, chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha.

(11) I gcás ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta caidreamh díreach nó indíreach idir an táirgeoir agus an t-allmhaireoir a shuí mar gheall, mar shampla, ar an gcleachtas soláthairtí éagsúla gáis nó ola a mheascadh le chéile lena n-iompar nó lena stóráil, nó mar gheall ar thrádáil trí mhoil nó trí mhalartuithe roimh onnmhairiú, is féidir le hallmhaireoirí brath ar chineálacha éagsúla réiteach comhlíontachta chun fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787.

(12) Tugtar 'rianú agus éileamh' ar chineál réitigh comhlíontachta ar féidir le húdaráis inniúla na mBallstát a chinneadh ina leith, sna cásanna a leagtar amach in aithris (11), go léiríonn sé comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787. Leis an gcur chuige sin, rianaítear idirbhearta amhola, gáis nádúrtha nó guail síos an slabhra soláthair ón leibhéal táirgeachta go dtí an t-allmhaireoir, lena n-áirítear trí na malartáin agus na moil trádála éagsúla ina gceannaítear agus ina ndíoltar an fuinneamh. I réiteach de chineál 'rianaithe agus éilimh', an fhaisnéis a bhaineann leis an gcainníocht áirithe amhola, gáis nádúrtha nó guail a tháirgtear a cheanglaítear ar allmhaireoirí chun fianaise ar chomhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1787 a sholáthar, cuireann contrapháirtithe conarthacha an fhaisnéis sin ar aghaidh sa slabhra soláthair, nó bailíonn soláthraithe réiteach comhlíontachta í. Leanann an fhaisnéis sin na cainníochtaí sonracha fuinnimh toisc go gcuirtear ar aghaidh iad síos an slabhra soláthair mar aon leis na hidirbhearta tráchtála ón táirgeoir chuig an allmhaireoir.

(13) Tugtar 'deimhniúchán' ar chineál réitigh comhlíontachta eile ar féidir le húdaráis inniúla na mBallstát a chinneadh ina leith, i gcásanna a leagtar amach in aithris (11), go léiríonn sé comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787. Eisíonn soláthraithe réiteach comhlíontachta deimhnithe do tháirgeoirí amhola, gáis nádúrtha nó guail a léirigh fianaise ar chomhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) 2024/1787. Na deimhnithe sin, ina bhfuil an fhaisnéis uile is gá, nó a sheachadtar in éineacht leis an bhfaisnéis sin, chun fianaise a léiriú go bhfuil Rialachán (AE) 2024/1787 á chomhlíonadh, is féidir le hallmhaireoirí iad a fháil mar mhalairt ar fhianaise a sholáthar ar rianú fisiceach nó conarthach agus ar sheachadadh cainníochtaí coibhéiseacha fuinnimh chomhlíontaigh a chuirtear ar mhargaí an Aontais.

(14) Ba cheart do réitigh chomhlíontachta critéir áirithe a chomhlíonadh mar choinníoll íosta d'údaráis inniúla na mBallstát chun a mheas go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid ag allmhaireoirí chun comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú agus chun an riosca a bhaineann le heisiúint chalaoiseach nó iolrach nó éilimh chalaoiseacha nó iolracha a íoslaghdú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Moltar go n-úsáidfidh páirtithe conarthacha na clásail eiseamláireacha roghnacha a leagtar amach i Roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo ina gconarthaí maidir le soláthar amhola, gáis nádúrtha nó guail atá le cur ar mhargadh an Aontais.

(2) Moltar d'údaráis inniúla na mBallstát úsáid na gclásal samplach a leagtar amach i Roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a chur chun cinn.

(3) I gcásanna ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta caidreamh díreach nó indíreach idir an táirgeoir agus an t-allmhaireoir a bhunú, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát aitheantas a thabhairt do sholáthraithe réiteach comhlíontachta ar a dtugtar 'rianú agus éileamh' agus 'deimhniúchán' mar a shonraítear sa Mholadh seo, a bheidh le húsáid ag páirtithe faoi oibleagáid chun cuidiú le comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú. Sna cásanna sin, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát aird chuí a thabhairt ar na critéir a leagtar amach i Roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíontacht na faisnéise arna cur isteach ag allmhaireoirí le ceanglais Rialachán (AE) 2024/1787.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Aithint soláthraithe réiteach comhlíontachta, na critéir is infheidhme maidir le réitigh chomhlíontachta agus clásail eiseamláireacha roghnacha

Séanadh

Tá sé beartaithe leis an bhfaisnéis agus leis an treoraíocht a sholáthraítear san Iarscríbhinn seo tacú le hiarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1787. Is clásail eiseamláireacha roghnacha neamhcheangailteacha iad na clásail atá beartaithe.

1. **Aitheantas ó údaráis inniúla na mBallstát do sholáthraithe réiteach comhlíontachta agus do chritéir chomhlíontachta le haghaidh réitigh chomhlíontachta**

Chun críoch chuid 1 den Mholadh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

a) ciallaíonn 'údarás inniúil Ballstáit' an t-údarás ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil an t-allmhaireoir bunaithe, arna ainmniú de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1787.

b) ciallaíonn 'doiciméad comhlíontachta' doiciméad amhail deimhniú arna eisiúint ag soláthraí réiteach comhlíontachta chun fianaise i scríbhinn a sholáthar go gcomhlíonann cainníocht amhola, gáis nádúrtha nó guail a chuirtear ar mhargadh an Aontais ceanglais Rialachán (AE) 2024/1787 agus ina bhfuil na doiciméid ina bhfuil fianaise ar an gcomhlíontacht sin nó a sheachadtar in éineacht leo.

c) Ciallaíonn 'soláthraí réiteach comhlíontachta' an t-eintiteas a oibríonn an réiteach comhlíontachta agus a eisíonn doiciméid chomhlíontachta do tháirgeoirí amhola, gáis nádúrtha nó guail a léirigh go gcomhlíonann siad ceanglais Rialachán 2024/1787. Tugtar tuairisc in aithrisí 12 agus 13 ar na cineálacha réiteach comhlíontachta atá beartaithe sa Mholadh seo.

d) ciallaíonn 'eisiúint' doiciméad comhlíontachta a chruthú ag soláthraí réiteach comhlíontachta tar éis dó fianaise a shuí go bhfuil sé á chomhlíonadh ag táirgeoir i gcomhréir le ceanglais allmhairiúcháin ábhartha Rialachán (AE) 2024/1787.

e) Ciallaíonn 'Éileamh' nó 'a éileamh' doiciméad comhlíontachta a sholáthar d'Údarás Inniúil Ballstáit ábhartha den Aontas tar éis d'allmhaireoir é a cheannach ó sholáthraí réiteach comhlíontachta nó ó thríú páirtí, chun fianaise ar chomhlíonadh a léiriú i gcomhréir le ceanglais allmhairiúcháin ábhartha Rialachán (AE) 2024/1787.

I gcásanna ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta caidreamh díreach nó indíreach idir an táirgeoir agus an t-allmhaireoir a shuí, i gcomhréir le haithris 11 den Mholadh seo, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát aitheantas a thabhairt do sholáthraithe réiteach comhlíontachta ar a dtugtar 'rianú agus éileamh' agus 'deimhniúchán', mar a shonraítear faoi seach in aithrisí 12 agus 13 den Mholadh seo, a úsáidfidh páirtithe faoi oibleagáid chun cuidiú le comhlíonadh cheanglais allmhairiúcháin Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú.

I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go gcomhlíonann réitigh chomhlíontachta na critéir seo a leanas ar a laghad chun an riosca a bhaineann le heisiúint chalaoiseach nó iolrach nó le héilimh chalaoiseacha nó iolracha a íoslaghdú:

1. Ba cheart na heilimintí seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh san fhaisnéis atá sna doiciméid chomhlíontachta arna soláthar ag allmhaireoirí, nó san fhaisnéis a sholáthraítear in éineacht leo:

    i. uimhir chlárúcháin/aitheantais agus dáta eisiúna an doiciméid comhlíontachta;

    ii. tréimhse bhailíochta an doiciméid comhlíontachta;

    iii. tír thionscnaimh tháirgeadh na hamhola, an ghais nádúrtha nó an ghuail a chumhdaítear leis an doiciméad comhlíontachta;

    iv. céannacht agus suíomh an láithreáin táirgthe chomh maith le cainníocht na hamhola, an ghais nádúrtha nó an ghuail a tháirgtear a chumhdaítear leis an doiciméad comhlíontachta agus le tréimhse ama an táirgthe;

    v. faisnéis lena gcruthaítear comhlíonadh an cheanglais ábhartha allmhairiúcháin nó na gceanglas ábhartha allmhairiúcháin a leagtar amach faoi seach maidir le hamhola, gás nádúrtha nó gual in Airteagal 27(1), Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2024/1787.

2. In éineacht leis na doiciméid chomhlíontachta, ba cheart d'allmhaireoirí an fhaisnéis uile is gá a chur isteach chun a léiriú go bhfuil Rialachán (AE) 2024/1787 á chomhlíonadh ar leibhéal an táirgeora.

3. Cé gur féidir le hallmhaireoirí modhanna éagsúla a chomhcheangal chun comhlíonadh a chruthú maidir leis na cainníochtaí a chuireann siad ar mhargaí an Aontais, níor cheart dóibh níos mó doiciméad comhlíontachta a chur isteach, i dtéarmaí na gcainníochtaí fuinnimh a seasann siad dóibh, ná na cainníochtaí iomlána den chineál céanna fuinnimh a chuir siad ar mhargadh an Aontais go fisiciúil sa tréimhse tuairiscithe ábhartha. Ina theannta sin, ba cheart tír thionscnaimh an táirgthe sna doiciméid chomhlíontachta a bheith ag teacht le tír thionscnaimh táirgthe na hamhola, an gháis nádúrtha nó an ghuail a chuirtear ar mhargadh an Aontais go fisiciúil.

4. Ba cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta clárlann a bhunú ina n-áireofar ar a laghad an fhaisnéis uile a mholtar faoi phointe 1 maidir leis na doiciméid chomhlíontachta uile a eisíodh; i gcás deimhniúcháin, ba cheart don chlárlann faisnéis a sholáthar freisin maidir le cathain a éilíodh deimhniú. Ba cheart an fhaisnéis sin go léir a fhoilsiú. Níor cheart faisnéis rúnda ghnó a fhoilsiú, ach más gá ba cheart í a chur faoi bhráid an údaráis inniúil go díreach agus déileálfar léi i gcomhréir le hAirteagal 28(4) agus Airteagal 29(3) de Rialachán (AE) 2024/1787.

5. Ba cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta faisnéis a chur chun feidhme agus a fhoilsiú maidir leis na bearta a chuir siad i bhfeidhm chun eisiúint dhúbailte agus éileamh dúbailte ar dhoiciméid chomhlíontachta a chosc.

6. Tar éis dóibh gach tacar doiciméad comhlíontachta a eisiúint, ba cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta seiceáil chórasach a dhéanamh ar an bhfaisnéis chlárlainne de chuid soláthraithe eile réiteach comhlíontachta atá gníomhach i margaí ina bhfuil doiciméid chomhlíontachta á n-eisiúint acu chun cosc a chur ar chruthúnas comhlíontachta a eisiúint níos mó ná uair amháin don táirgeoir céanna maidir le méid fuinnimh a tháirgtear le linn tréimhse táirgthe ar leith i láithreán táirgthe ar leith. Ba cheart deimhniú go ndearnadh seiceáil den sórt sin agus gur eisiadh eisiúint iolrach a áireamh sa doiciméad comhlíontachta, nó a sholáthar in éineacht leis. Ina theannta sin, laghdófaí go mór an riosca a bhaineann le heisiúint dhúbailte dá gcuirfeadh soláthraithe réiteach comhlíontachta de cheangal ar tháirgeoirí gan ach soláthraí réiteach comhlíontachta amháin a úsáid le haghaidh gach láithreáin táirgthe.

7. Níor cheart don allmhaireoir doiciméid comhlíontachta a éileamh ach aon uair amháin, agus nuair a éilítear iad, ba cheart don allmhaireoir faisnéis a bhaineann leis an éileamh a chur in iúl don soláthraí réiteach comhlíontachta atá le háireamh sa chuid phoiblí den chlárlann agus níor cheart don allmhaireoir céanna ná d'allmhaireoir eile an deimhniú a chur ar fáil a thuilleadh lena éileamh an dara huair.

8. Ba cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta a bheith neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí táirgthe, soláthair, dáilte, nó tarchurtha agus allmhairithe fuinnimh amhola, gáis nádúrtha nó guail nó ar aon eintiteas eile lena bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith aige, i.e. ba cheart do gach soláthraí réiteach comhlíontachta a bheith ina eintiteas atá leithleach go dlíthiúil agus a oibríonn le neamhchlaontacht iomlán agus a eagraítear ar bhealach neamhspleách i dtéarmaí rialachais chorparáidigh agus eagrú inmheánach gníomhaíochtaí, lena n-áirítear deighilt cuntas.

9. I gcás ina ndéanann an amhola, an gás nádúrtha nó an gual a allmhairítear isteach san Aontas idirthuras trí thríú tír amháin nó níos mó sula seachadtar go críochnaitheach isteach san Aontas iad, ba cheart d'allmhaireoirí ar mian leo deimhnithe a úsáid chun comhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú fianaise a sholáthar ar réamh-allmhairiú na gcainníochtaí sin chuig an Aontas trí na tríú tíortha sin.

10. Doiciméid ina mínítear feidhmiú an réitigh comhlíontachta a thairgeann an soláthraí réiteach comhlíontachta, agus tuairisc ar an modheolaíocht a d'fhorbair sé chun comhlíonadh cheanglais Rialachán (AE) 2024/1787 a fhionnadh, ba cheart iad a fhoilsiú. Ba cheart a áireamh leis sin faisnéis maidir le feidhmiú agus rialacha an réitigh comhlíontachta, na freagrachtaí agus na ceanglais atá ar na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le húsáid an réitigh (amhail soláthraithe réiteach comhlíontachta, na táirgeoirí a bhfuil cruthúnas ar chomhlíonadh á lorg acu, na hallmhaireoirí a sholáthraíonn doiciméid comhlíontachta chun comhlíonadh Rialachán (AE) 2024/1787 a léiriú chomh maith le haon idirghabhálaithe) agus tagairtí d'fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2024/1787, lena n-áirítear na ceanglais nach mór do tháirgeoirí a chomhlíonadh chun comhlíonadh an Rialacháin sin a bhaint amach.

11. Níor cheart doiciméid chomhlíontachta a eisiúint i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn seo do tháirgeoirí leasmhara ach amháin tar éis iniúchadh seachtrach tríú páirtí maidir le comhréireacht le ceanglais an réitigh comhlíontachta a bheith curtha i gcrích go rathúil agus ráiteas iniúchóireachta a bheith curtha ar fáil.

12. A luaithe a aithníonn údarás inniúil Ballstáit cineál réitigh comhlíontachta mar réiteach a chomhlíonann Rialachán (AE) 2024/1787, ba cheart an t-aitheantas sin don chineál réitigh comhlíontachta sin a bheith bailí fad is nach n-athraítear téarmaí an réitigh comhlíontachta sin go hábhartha. Ba cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta údarás inniúil an Bhallstáit a d'aithin an réiteach comhlíontachta a chur ar an eolas ar bhonn bliantúil ar a laghad faoi aon athrú ar théarmaí an réitigh comhlíontachta. Tá sé de cheart ag údaráis inniúla na mBallstát an t-aitheantas a chúlghairm faoi réir measúnú agus laistigh de thréimhse fógra réasúnta. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát eile aitheantas ó údarás inniúil Ballstáit amháin do sholáthraí réiteach comhlíontachta a chur san áireamh.

13. Ba cheart doiciméid comhlíontachta a bheith bailí tráth a léirítear go bhfuil údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais á gcomhlíonadh agus ba cheart a dtréimhse bhailíochta a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe an cheanglais allmhairiúcháin ábhartha i Rialachán (AE) 2024/1787 a bhfuil an doiciméad comhlíontachta á úsáid ina leith agus níor cheart iad a bheith níos faide ná 24 mhí in aon chás ó thús na tréimhse táirgthe a chumhdaítear sa doiciméad comhlíontachta.

14. I gcás sonrach na gceanglas allmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) 2024/1787 lena gceanglaítear fíorú neamhspleách tríú páirtí ar thuarascálacha astaíochtaí meatáin, níor cheart do sholáthraithe réiteach comhlíontachta idirdhealú a dhéanamh idir fíoraitheoirí a creidiúnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin.

2. **Clásail eiseamláireacha**

Clásal 1 – Oibleagáidí an cheannaitheora deiridh

Tráchtaireacht: Is féidir roinnt díoltóirí agus ceannaitheoirí ar aghaidh go dtí an ceannaitheoir deiridh a áireamh i slabhra conarthach. Baineann an clásal seo leis an gceannaitheoir deiridh. Féadfaidh díoltóirí agus ceannaitheoirí ar aghaidh na clásail eile a úsáid fós, leis na coigeartuithe is gá.

Aithníonn na Páirtithe go meastar gur 'allmhaireoir' é an ceannaitheoir deiridh de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1787, agus [amhola/gás nádúrtha/GNL/gual] de thionscnamh tríú tír á chur ar mhargadh an Aontais aige, agus sna cásanna sin tá sé d'oibleagáid air gníomhartha agus foirmiúlachtaí a cheanglaítear faoi Chaibidil 5 den Rialachán sin a dhéanamh.

Clásal 2 – Faisnéis a nochtadh

Aithníonn an díoltóir go bhféadfaidh an t-údarás inniúil sin nó an Ballstát faoi seach an fhaisnéis a fhaigheann an ceannaitheoir ón díoltóir agus a bhfuil ceangal dlíthiúil air í a tharchur chuig údarás inniúil de bhun Airteagail 27 go 29 agus Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1787 a chomhroinnt leis an gCoimisiún Eorpach agus go bhféadfar í a fhoilsiú ina dhiaidh sin i mbunachar sonraí trédhearcachta meatáin an Choimisiúin agus mar chuid de na próifílí feidhmíochta meatáin arna mbunú ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin sin.

Tarscaoileann an díoltóir aon oibleagáid neamhnochta is infheidhme faoin gconradh seo maidir leis an gceannaitheoir, i ndáil leis an bhfaisnéis sin agus chun é a chur ar a chumas don cheannaitheoir a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2024/1787 agus chun na críche sin amháin.

Clásal 3 – Cruthúnas ar chomhlíonadh

Tráchtaireacht: Tá roinnt roghanna sa chlásal seo chun freastal ar chonarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan an 4 Lúnasa 2024 nó ina dhiaidh sin agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin (Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2024/1787) agus ar chonarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan roimh an 4 Lúnasa 2024 agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin (Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2024/1787).

Níl feidhm ag clásal 3(3) ach amháin maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan roimh an 4 Lúnasa 2024 agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

Tá feidhm ag Clásail 3(1) agus 3(2) maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan an 4 Lúnasa 2024 nó ina dhiaidh sin agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan roimh an 4 Lúnasa 2024 agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin, féach fonótaí na gclásal sin.

1. Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, geallann an díoltóir go léireoidh sé agus go dtuairisceoidh sé ([1]) don cheannaitheoir go bhfuil [amhola/gás nádúrtha/GNL/gual] de thionscnamh tríú tír a sholáthraítear faoin gconradh seo agus a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar mhargadh an Aontais faoi réir bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe arna gcur i bhfeidhm ag táirgeoir(í) atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach in [le haghaidh amhola, gás nádúrtha/GNL: Airteagal 28(5), pointe (a) agus Airteagal 28(5), pointe (a)(i)] [maidir le gual: Airteagal 28(5), pointe (a) agus Airteagal 28(5), pointe (a)(ii)] de Rialachán (AE) 2024/1787.

2. Chun críocha mhír 1, geallann an díoltóir doiciméad comhlíontachta ([2]) a sholáthar faoin [dáta roimh an 31 Bealtaine 2028, atá le cinneadh ag na Páirtithe] ([3]) maidir le [hamhola/gás nádúrtha/GNL/gual] arna soláthar ón 1 Eanáir 2027 agus go bliantúil ina dhiaidh sin faoin [dáta roimh an 31 Bealtaine, atá le comhaontú ag na Páirtithe] den bhliain dár gcionn maidir le [hamhola/gás nádúrtha/GNL/gual] arna soláthar sa bhliain féilire roimhe sin.

3. I gcás ina mainníonn an díoltóir go hiomlán nó go páirteach an fhaisnéis a sholáthar de bhun mhír 1 faoin sprioc-am a luaitear i mír 2, geallann an díoltóir údar maith a thabhairt don cheannaitheoir ina leagtar amach gach iarracht réasúnta a rinneadh chun an fhaisnéis a fháil agus a sholáthar don cheannaitheoir. Soláthrófar an t-údar maith sin tráth nach déanaí ná an [dáta atá le comhaontú ag na Páirtithe, ach tráth nach déanaí ná an (...) chun gur féidir tuairisciú tráthúil a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2024/1787].

Clásal 4 – Neamhfheidhm Chlásal 3 maidir le tráchtearra de thionscnamh áirithe

1. Níl an díoltóir le scaoileadh ó na hoibleagáidí a leagtar amach i gClásal 3 a dhéanamh ach amháin i ndáil leis an [amhola/gás nádúrtha/GNL/gual] arna soláthar faoin gconradh seo agus a tháirgtear i dtír lasmuigh den Aontas Eorpach amháin, ar tír í a aithnítear le gníomh ón gCoimisiún Eorpach mar thír a bhfuil córas i bhfeidhm aici maidir le bearta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe a mheastar a bheith coibhéiseach le córas an Aontais de bhun Airteagal 28(6) de Rialachán (AE) 2024/1787, fad atá an gníomh sin i bhfeidhm san Aontas.

Cuirfidh an ceannaitheoir an gníomh ábhartha ón gCoimisiún Eorpach ar fáil don díoltóir tráth a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scaoilfear an díoltóir ó na hoibleagáidí a leagtar amach i gClásal 3 a dhéanamh ar fhianaise i scríbhinn a sholáthar lena ndeimhnítear áit táirgthe [amhola/gáis nádúrtha/GNL/gual].

2. Leanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach i gClásal 3 d'fheidhm a bheith acu maidir le [hamhola/gás nádúrtha/GNL/gual] d'aon tionscnamh eile nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1.

([1]) Maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích nó arna n-athnuachan roimh an 4 Lúnasa 2024 agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin: 'Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, déanann an díoltóir gach iarracht réasúnta an ceannaitheoir a léiriú agus tuairisciú dó...'.

([2]) Idem, ba cheart an gealltanas sin a bheith bunaithe ar gach iarracht réasúnta le haghaidh conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 4 Lúnasa 2024 agus atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

([3]) Ba cheart an dáta faoinar cheart don díoltóir an fhaisnéis a sholáthar a bheith ag tús R2 den bhliain féilire ina bhfuil an ceannaitheoir le tuairisciú d'údarás náisiúnta inniúil an Aontais, ar a dhéanaí. Le soláthar faisnéise roimh ré sa bhliain féilire tuairiscithe, ba cheart é a chur ar a chumas don cheannaitheoir an fhaisnéis uile a fháil in am trátha agus, más gá, í a chros-seiceáil roimh an sprioc-am tuairiscithe, an 31 Bealtaine gach bliain, a leagtar síos le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2024/1787. Dá réir sin, ba cheart don díoltóir, faoi dháta go luath in R2 2028, faisnéis a sholáthar maidir leis an tráchtearra arna sholáthar sa bhliain iomlán 2027, agus mar sin de. Ceanglaítear ar allmhaireoirí Airteagal 28(1) agus (2) a chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2027. Dá bhrí sin, moltar do chuideachtaí tuairisciú a dhéanamh faoin 31 Bealtaine 2027 ar [amhola/gás nádúrtha/GNL/gual] a sholáthrófar ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh faoi chonarthaí a bheidh i bhfeidhm ar an dáta sin nó dá éis.